Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0145(COD)**

**13157/18**
**ADD 1**

**CODEC 1673**
**DAPIX 315**
**JAI 1006**
**COMIX 561**
**SIRIS 136**
**VISA 271**
**EURODAC 25**
**SCHENGEN 52**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 **(an chead léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Is oth leis an gCoimisiún gur chinn na comhreachtóirí, i ndáil le roinnt pointí, imeacht ó Chomhráiteas Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Choimisiúin Eorpaigh maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, gan an réasúnú ba ghá a sholáthar. Baineann sé sin, go háirithe, leis an athrú ar an nós imeachta le haghaidh cheapadh agus dhífhostú stiúrthóir feidhmiúcháin EU-LISA, ar athrú é nár tugadh aon réasúnú ina leith agus a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhspleáchas na Gníomhaireachta, agus leis an athrú ar an nós imeachta le haghaidh tréimhse oifige an stiúrthóra feidhmiúcháin a shíneadh go huathoibríoch. Is oth leis an gCoimisiún freisin gur imíodh ón gComhráiteas i ndáil leis an bpróiseas le haghaidh meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar an nGníomhaireacht, rud a fhágann go bhféadfadh bealach a bheith ann le cur isteach ar neamhspleáchas an Choimisiúin maidir le seoladh na meastóireachta sin. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta mar chuid de na gníomhaíochtaí ginearálta a dhéanfaidh sé i ndáil leis an gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí. Déanfaidh an Coimisiún tionchar na n-athruithe seo ar fheidhmiú na Gníomhaireachta a mheas in am trátha. Níor cheart féachaint orthu mar fhasach do ghníomhaireachtaí eile.